

'Cluichí Pobail' i gConamara Ceisteanna agus Freagraí

Is é Donncha Ó hÉallaithe rúnaí an choiste a d'eagraigh na cluichí pobail i gCois Fharraige le dhá bhliain. Tugann sé míniú anseo ar na rialacha agus struchtúir a bhaineann leis na cluichí.

Céard é an rud seo 'Cluichí Pobail'?


Cuireadh tús le 'Community Games' i mBaile Átha Cliath, sa bhliain 1968. Sé aidhm na heagraíochta ná an deis a chur ar fáil do ghasúir le páirt a thógáil i gcluichí de gach cineál ó ficheall go judo, ó tráth na gceist boird go badmantan agus tá béim faoi leith ar lúthchleasaíocht. Ba é bunaitheoir na heagraíochta an tiománaí bus, Joseph Connolly. Fuair sé bás dhá bhliain ó shin théis don eagraíocht náisiúnta teacht faoi bhláth, le craobhacha ag feidhmiú ar fud na tíre, thuaidh is theas. Tá an eagraíocht bunaithe ar "ceantair": baile ar nós Tuaim, nó fobhaile cathrach ar nós An Rinn Mhór i nGaillimh nó paróiste/í faoin dtuath. Tá os cionn 40 ceantar i gContae na Gaillimhe amháin, ceann dena contaethe is fearr eagraithe sa tír.

An bhfuil Cluichí Pobail le fáil anseo sa Ghaeltacht?
Le roinnt blianta anuas tá

grúpaí Gaeltachta ag feidhmiú in Oileáin Árann, sna Forbacha/Bearna agus i gceantar Mhaigh Chuilinn ach is le dhá bhliain anuas a cuireadh eagar ar Chonamara Theas. Deineadh an ceantar óna Forbacha siar chomh fada le hAbhainn Chasla a eagrú mar cheantar Chois Fharraige agus deineadh an ceantar ó Abhainn Chasla siar chomh fada le Ros Muc agus Leitir Mealláin a eagrú mar cheantar Chonamara Thiar Theas. De réir na rialacha níl ceapaithe ach thart ar 6,000 duine a bheith ina gcónaí in aon cheantar.

Cé mar a oibríonn sé?

Toghtar coiste an cheantair ag cruinniú poiblí i mí Deireadh Fómhair gach bliain. Socraíonn an coiste céard iad na himeachtaí ina mbeidh an ceantar páirteach. De réir na rialacha – tá an t-uafás rialacha ag baint leis an eagraíocht – caithfear seans a thabhairt do ghasúir an cheantair iad féin a chruthú sula bpioctar foirne. Caithfidh an coiste rialacha nó comórtas áitiúil a eagrú sula a roghnaítear foirne chun páirt a ghlacadh sna imeachtaí éagsúla a eagraítear ag leibhéal an chontae. Mar shampla, eagraíodh comórtas liathróid láimhe i gCois Fharraige i



Donncha Ó hÉallaithe

mbliana, sula roghnaíodh foireann le páirt a thógáil i gcomórtas na Gaillimhe. Mar go raibh an bua ag an bhfoireann cailíní faoi 13 ó Chois Fharraige ag leibhéal an chontae, chuadar ar aghaidh mar ionadaithe na Gaillimhe le páirt a thógáil ag leibhéal an Chúige. Bhí an bua acu ansin chomh maith. Anois beidh seisear cailín ó Chois Fharraige ag glacadh páirte i gCraobh na hÉireann in aghaidh na mbuaiteoirí óna trí chúige eile, a bheas ar bun in Áth Luain ar an 29/30 Bealtaine.

Céard iad na himeachtaí a eagraítear faoi scáth na gCluichí Pobail?

Is iomaí cineál comórtas a eagrítear idir spóirt is lúthchleasaíocht, ceol is

damhsa, ealaíon is tráth na gceist. Eagraítear comórtais áitiúla i dtosach le daoine is fóirne a phiocadh le ionadaíocht a dhéanamh ag leibhéal an chontae, ar son an phobail. Anuraidh ghlac fóirne ó Chois Fharraige páirt sna Cluichí Pobail sna spóirt seo a leanas: Camógaíocht, Sacar, Liathróid Láimhe, Leadóg Boird, Ficheall agus ghlac scór gasúr páirt sna comórtais Lúthchleasaíochta. I mbliana beidh foirne ó Chois Fharraige ag glacadh páirt san Iománaíocht chomh maith le sacar agus camógaíocht agus beidh daoine roghnaithe le cur isteach ar na comórtais judo. Ag éirí as an Lá Spóirt a heagraíodh le deireannas ar pháirc Choláiste Chonnacht sa Spidéal, beidh 52 gasúr ó cheantar Chois Fharraige i dteideal páirt a thógáil sna

comórtais lúthchleasaíochta do Chontae na Gaillimhe, a bheas ar bun i mBaile an Doirín ar an Domhnach agus an Luan 6/7 Meitheamh.

I gcás Conamara Thiar Theas bhí foireann Badmantan agus foireann Sacar faoi Dhíon páirteach sna comórtais i mbliana agus d'éirigh leis an bhfoireann badmantan an dara háit i gConnacht a bhaint amach. Chomh maith le sin ghlac 80 gasúr páirt sna comórtais ealaíne, a heagraíodh faoi scáth an choiste áitiúil agus beidh grúpa mór ón gceantar ag glacadh páirt sna comórtais lúthchleasaíochta i mBaile an Doirín.

Céard caoi ar féidir le duine cúnamh a thabhairt?

Bíonn neart cúnamh ag teastáil ó dhaoine a bhfuil scil

agus taithí acu ag plé le cineálacha spóirt éagsúla le comórtais agus imeachtaí a eagrú. Níl aon easpa gasúir ann le páirt a thógáil ach easpa daoine fásta, a bhfuil an t-am agus an taithí acu ó thaobh imeachtaí a reachtáil. Más spéis le daoine cabhrú le Cluichí Pobail i gceantar Chois Fharraige nó i gceantar Chonamara Thiar Theas, níl le déanamh ach dul i dteagmháil leis an rúnaí sa gceantar ina bhfuil cónaí ort:

Donncha Ó hÉallaithe
(doheallaithe@gmail.com)
do cheantar Chois Fharraige agus Yvonne Ní Chlochartaigh
(yclo@eircom.net)

Donncha Ó hÉallaithe



Foireann Badminton na gCluichí Pobail faoi 15, ó cheantar Chonamara Thiar Theas, a tháinig sa tarna áit i gcomórtas Chonnacht, a imríodh le gairid i Sligeach.

Mary Ellen Ní Fhatharta (Tuairín), Tadhg Ó Lochnáinn (Fuairnis, Leitir Mealláin), Cathal Ó Griofa (Tír an Fhia), Katie Ní Neachtain (Bóthar Bui, An Cheathrú Rua), Marcus Ó Domhnaill (Leitir Mucú), Eoin Mac Donnacha (Tír an Fhia), Jennifer Hanrahan (Tuairín), Roisín Ní Neachtain (An Cheathrú Rua).

Bhí Mairéad Ní Dhomhnaill, Joan Ní Fhlatharta & Bríd Ní Lochnáinn i mbun a dtraenála